

DATA PROTECTION COMMISSION

AN COMISIÚN COSANTA SONRAÍ

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Treoir i leith do Chearta

Tá sé i gceist go mbeadh an leabhrán seo ina threoir ghearr do dhaoine maidir lena gcearta um chosaint sonraí agus maidir leis na dualgais um chosaint sonraí atá orthu sin a choimeádann agus a phróiseálann faisnéis phearsanta. Ní léirmhíniú údarásach nó cinntitheach ar an dlí é. Má tá eolas breise uait tar éis duit an leabhrán seo a léamh, féach suíomh gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí ag www.dataprotection.ie, nó téigh i dteagmháil leis an oifig trí na modhanna éagsúla atá sonraithe ag íochtair an leathanaigh seo.

Na hAchanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Sainmhínithe

Mar is amhlaidh le haon reachtaíocht ar bith, tá ciall ar leith le téarmaí ar leith. Seo a leanas sainmhínithe úsáideacha:

Ciallaíonn **Sonraí** faisnéis i bhfoirm inar féidir é a phróiseáil. Cuimsíonn sé sonraí uathobrithe agus sonraí láimhe araon.

Ciallaíonn **sonraí uathobrithe**, tríd is tríd, aon fhaisnéis ar ríomhaire, nó faisnéis a taifeadadh le hintinn í a chur ar ríomhaire.

Ciallaíonn **sonraí láimhe** faisnéis a choimeádtar mar chuid de chóras ábharthach comhdúcháin, nó é a bheith i gceist gur cheart í a bheith mar chuid de chóras ábharthach comhdúcháin.

Ciallaíonn **córas ábharthach comhdúcháin** aon tacar ar bith faisnéise, cé nach bhfuil ar ríomhaire, atá leagtha síos mar thagairt do dhaoine indibhidiúla, nó trí thagairt ar chritéir a ghabhann le daoine indibhidiúla, d'fhonn go mbeadh rochtain ar shainfhaisnéis.

Ciallaíonn **sonraí pearsanta** sonraí a ghabhann le duine beo ina n-aithnítear nó gur féidir an duine a aithint os na sonraí nó os na sonraí i gcomhar le faisnéis eile atá i, nó gur dóichí a

thiocfaidh i, seilbh an rialtóra sonraí. Tig leis seo a bheith ina shainmhíniú fairsing ag brath ar na cúinsí.

Ciallaíonn **próiseáil** aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéanamh ar shonraí, ag áireamh:

- sonraí a fháil, a thairfeadh nó a choimeád,
- na sonraí a bhailiú, a eagrú, a stóráil, a athrú nó a athchóiriú,
- na sonraí a aisghabháil, a chomhairliú nó a úsáid,
- an fhaisnéis nó na sonraí a nochtadh trí tharchur, trí leathadh nó trína chur ar fáil ar bhealach eile
- ailíniú, teaglamú, blocáil, léirscios nó scios na sonraí.

Is duine é **Damhna Sonraí** atá ina ábhar ag sonraí pearsanta.

Is iad **Rialtóirí** Sonraí na daoine sin a dhéanann rialú ar ábhar agus úsáid sonraí pearsanta, ina n-aonar nó le daoine eile. Tig le Rialtóirí Sonraí a bheith ina n-eintiteais dlíthiúla mar cuideachtaí, Ranna Rialtais nó eagraíochtaí deonacha, nó is féidir gur daoine indibhidiúla iad mar Dhochtúirí Leighis Ginearálta, cógaiseoirí nó trádálaithe aonair.

Is é an **Próiseálaí Sonraí** an duine a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann rialtóra sonraí, ach nach gcuimsíonn fostaí de chuid an rialtóra sonraí a phróiseálann sonraí dá leithéid i rith a c(h)uid fostaíochta. Arís glactar le duine mar eintiteas dlíthiúil.

Baineann **sonraí íogaire pearsanta** le sainchatagóirí sonraí atá sainmhínithe mar sonraí a bhaineann le bunadh cine; tuairimí polaitiúla nó creidimh reiligiúnacha nó creidimh eile; sláinte fhisiciúil nó mheabhrach; beatha ghnéasach; ciontuithe coiriúla nó líomhaintí gur déanadh cion; ballraíocht ceardchumainn an duine. Tá cearta breise agat maidir le próiseáil aon sonraí ar bith dá leithéid.

Cad is cosaint sonraí ann?

Is é an modh é ina ndéantar cosaint ar chearta príobháideachta na ndaoine maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta. Soláthraíonn tú faisnéis maidir leat féin do chomhlachtaí rialtais, bainc, cuideachtaí árachais, proifisiúnaithe leighis, cuideachtaí teileachumarsáide agus mórán eile nach iad d'fhonn leas a bhaint as seirbhísí nó chun oibleagáidí a shásamh. Faigheann eagraíochtaí nó daoine indibhidiúla faisnéis a ghabhann leatsa ó fhoinsí eile chomh maith. Chun críche cosaint sonraí tugtar rialtóirí sonraí ar eagraíochtaí nó daoine dá leithéid a dhéanann rialú ar ábhar agus úsáid sonraí pearsanta. Tugann na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 cearta duit maidir leis an bhfaisnéis phearsanta seo agus forchuireann oibleagáidí ar rialtóirí sonraí.

Tagann na cearta sin i bhfeidhm nuair atá an fhaisnéis atá á choimeád:

- ar ríomhaire, nó

– i bhfoirm láimhe, mar chuid de chóras comhdúcháin nó é a bheith i gceist a bheith mar chuid de chóras comhdúcháin a áisíonn rochtain ar fhaisnéis dhuine ar leith.

Baineann na cearta seo chomh maith maidir le fótagraif agus taifeadtaí físteipe de do íomhá chomh maith le taifeadtaí de do ghuth gur féidir leis an rialtóir sonraí iad a bheith ina sheilbh

Tugann na cearta sin, atá rianaithe go mionchruinn sa chuid eile den leabhrán seo, an chumhacht duit deimhin a dhéanamh de go bhfuil d'fhaisnéis cruinn, go ndéantar í a sholáthar dóibh sin amháin gur cheart dóibh í a bheith acu agus nach n-usaidtear í ach do shainchúraimí.

Tá an fhéidearthacht ann go gcaithfeá gníomhú leis na cearta sin a fhorfheidhmiú trí dhul i dteagmháil leis an eagraíocht atá i gceist agus má tá aon deacrachtaí agat do chearta a fhorfheidhmiú is féidir leat leas a bhaint as cúnamh an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

Do Chearta

1. [An ceart go ndéanfaí do shonraí a phróiseáil de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí](#)
d'fhaisnéis phearsanta a bheith faighte agus próiseáilte go cóir, í a bheith coimeádtha slán agus gan í a bheith nochtaithe go neamhdhlisteanach do dhaoine eile
2. [An ceart tú a bheith curtha ar an eolas](#)
An ceart tú a bheith curtha ar an eolas
3. [Ceart rochtana](#)
cóip a fháil de do chuid faisnéise phearsanta
4. [An ceart a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil sonraí phearsanta ann](#)
a bheith curtha ar an eolas, ar iarratas, má tá sonraí phearsanta á gcoimeád ort
5. [An ceart ar cheartú nó ar scrios](#)
d'fhaisnéis phearsanta a cheartú nó a scrios má tá sé míchruinn
6. [An ceart úsáidí áirithe a chosc](#)
cosc a chur ar d'fhaisnéis phearsanta a bheith á húsáid do chuspóirí áirithe
7. [An ceart d'ainm a bhaint as liosta um margaíocht dhíreach](#)
stop a chur le ríomhphost nach bhfuil uait
8. [An ceart](#)
stop a chur le húsáidí ar leith de do fhaisnéis phearsanta
9. [Saoirse ó chinntí uathdhéanta](#)
ionchur daonna a bheith ann maidir le cinntí tábhachtach a ghabhann leat a bheith á ndéanamh
10. [Cearta faoi Rialacháin um Chosaint Sonraí agus faoi Rialacháin um Príobháideachta i dTeileachumarsáidí](#)
cosc a chur ar mhargaíocht dhíreach nach bhfuil uait atá á fháil agat ar theileafón, ríomhphost nó trí theachtaireachtaí téacs

1. An ceart go ndéanfaí próiseáil ar do chuid sonraí de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí

Tá oibleagáid acu sin ag a bhfuil sonraí a bhaineann leat:

- an fhaisnéis a fháil agus a phróiseáil go cóir

- í a choimeád do shainchuspóir amháin nó níos mó, atá follasach agus dleathach
- í a úsáid agus a nochtadh ar shlíte atá comhoiriúnach leis na cuspóirí sin amháin
- í a choimeád slán agus sábháilte
- í a choimeád cruinn, iomlán agus nuashonraithe
- deimhin a dhéanamh de gur leor í, go bhfuil sí ábharthach agus nach bhfuil an iomarca ann
- gan í a choimeád níos sia ná mar atá riachtanach don chuspóir nó do na cuspóirí
- cóip a thabhairt duit de do shonraí pearsanta, ar iarratas

2. An ceart tú a bheith curtha ar an eolas

Caithfidh rialtóirí sonraí a fhaigheann d'fhaisnéis phearsanta deimhin a dhéanamh de go gcuirtear ar an eolas tú maidir le:

- ainm an rialtóra sonraí, i.e. an eagraíocht nó an duine a bhailíonn na sonraí nó ainm an té go bhfuil na sonraí á mbailiú thar a ceann
- an cuspóir ar a gcoimeádtar do chuid sonraí, agus
- aon fhaisnéis eile ar cheart dóibh a sholáthar chun deimhin a dhéanamh de go ndéanann siad láimhseáil chóir ar do sonraí, mar shampla, aitheantas aon duine eile go nochtann siad do sonraí pearsanta dóibh, agus cibé an bhfuil oibleagáid ort nó nach bhfuil aon cheann dá gceisteanna a fhreagairt.

Caithfidh rialtóirí sonraí a fuair do sonraí pearsanta ó dhuine eile, i.e. ní uaitse, tusa a chur ar an eolas chomh maith maidir le cé na cineálacha sonraí atá ina seilbh acu, agus ainm an chéad rialtóra sonraí.

3. Ceart rochtana

Is féidir leat cóip de na sonraí uile pearsanta a bhaineann leat a fháil trí 'iarratas rochtana' a dhéanamh i scríbhinn go haon eagraíocht nó aon duine go bhfuil faisnéis phearsanta a bhaineann leat acu ar ríomhaire nó i bhfoirm láimhe atá mar chuid de chóras ábhartha comhdúcháin nó go bhfuil sé ar intinn é a bheith mar chuid de chóras ábhartha comhdúcháin. Féach alt 'Conas is féidir iarratas rochtana a dhéanamh'.

Cuimsíonn an ceart seo rochtain ar léiriú tuairimíochta maidir leat ach sa chás gur tugadh na tuairimí sin faoi rún. Ansin féin i mórán cásanna beidh an ceart rochtana atá agat maidir leis an tuairim sin a fháil níos mó ná an ceart ag an duine a thug an tuairim nach nochtfaí í. Ní ghéilltear don ceart rochtana i sainchásanna teoranta a dhéanfadh dochar do leas ar leith, e.g. iniúchadh ar chionta.

Tá tú i dteideal chomh maith míniú a fháil ar an loighic a úsáideadh san uathphróiseas um dhéanamh cinntí ina gcuireann an cinneadh isteach go mór ort agus an cinneadh bunaithe go huile is go hiomlán ar an uathphróiseas.automated process.

4. An ceart a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil faisnéis phearsanta ann

Má chreideann tú go bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leat á gcoimeád ort ag aonán, tá an ceart agat a bheith curtha ar an eolas laistigh de 21 lá, tar éis duit iarratas a dhéanamh, más amhlaidh atá. Má tá sonraí pearsanta a ghabhann leat ag an aonán caithfidh sé cur síos a

thabhairt duit ag an am sin ar na sonraí atá ina sheilbh acu agus na cuspóirí ar a gcoimeádtar iad.

Níl aon táille i gceist maidir le hiarratas nó maidir le géilleadh d'iarratas dá leithéid.

5. An ceart ar cheartú nó ar scrios

Má fhaigheann tú amach go bhfuil faisnéis atá á coimeád ag rialtóir sonraí ort míchruinn, tá an ceart agat go gceartófaí an fhaisnéis sin nó, i gcásanna áirithe go scriosfaí an fhaisnéis. Is féidir an ceart seo a shásamh chomh maith trí ráiteas uait maidir leis na nithe a mheasann tú a bheith míchruinn a cheangal de.

Ina theannta sin, mura bhfuil cúis mhaith ag an aonán na sonraí pearsanta choimeád, i.e. mura bhfuil siad ábhartha nó má tá an iomarca ann don chuspóir, nó mura bhfuarthas an fhaisnéis go cóir, is féidir leat an fhaisnéis a cheartú nó a scrios.

Is féidir leat do chearta a chuir i bhfeidhm sa réimse seo, go simplí, trí scríobh go dtí an aonán go bhfuil do shonraí á choimeád aige agus do chuid tuairimí a shonrú. Caithfidh siad géilleadh do seo nó a chur in iúl laistigh de 40 lá cén fáth nach ndéanfaidh.

6. An ceart cosc a chur ar úsáidí áirithe

Chomh maith leis an gceart sonraí a cheartú agus a scrios is féidir leat iarraidh ar rialtóir sonraí do shonraí a chosc, i.e. cosc a chur ar iad a bheith á n-úsáid do chuspóirí áirithe. Mar shampla, b'fhéidir go dteastódh uait cosc a chur ar do shonraí a bheith á n-úsáid do chúraimí taighde nuair atá siad á gcoimeád do chuspóirí eile nach gcuireann tú ina gcoinne.

Arís is féidir leat do chearta a chleachtadh sa réimse seo, go simplí, trí scríobh go dtí an aonán ag a bhfuil do shonraí á gcoimeád agus do dhearcadh a shonrú. Caithfidh siad géilleadh do seo nó a rá laistigh de 40 lá cén fáth nach ndéanfaidh.

7. An ceart d'ainm a bhaint as liosta um margaíocht dhíreach

Má tá d'fhaisnéis á choimeád ag rialtóir sonraí chun críche margaíochta dírí, is féidir leat do mhionsonraí a bhaint as. Is féidir leat an ceart seo a chleachtadh trí scríobh go dtí an eagraíocht atá i gceist. Caithfidh siad freagra a thabhairt laistigh de 40 lá ag deimhniú gur dhéileáil siad le d'iarratas.

8. An ceart cur i gcoinne

I gcúinse an rialóra sonraí a bheith ag próiseáil sonraí d'fhorfheidhmiú údaráis oifigiúil, leis leas poiblí, nó dá 'leasa dlisteanacha' féin agus go mbraitheann tú go gcuireann úsáid do shonraí isteach go mór ort nó go ndéanann sé dochar mór duit nach bhfuil tuillte agat, is féidir leat iarratas a dhéanamh go stadfadh rialtóir d'úsáid do shonraí pearsanta, nó nach dtosódh sé ag úsáid na sonraí.

Níl an ceart i bhfeidhm má:

- thug tú cead cheana féin do chuid sonraí a úsáid
- tá gá leis an úsáid d'oibleagáid chonartha ar aontaigh tú leis

- úsáideann iarrthóirí toghcháin nó páirtithe polaitiúla é do chuspóirí toghcháin iad, nó
- éilíonn an dlí é a úsáid.

Ní féidir clár toghthóirí ná aon sonraí eile pearsanta a n-éilíonn an dlí iad a nochtadh go poiblí, mar chlár scairshealbhóirí, a úsáid do mhargaíocht dhíreach murar tugadh an deis duit cur i gcoinne úsáide dá leithéid. Tá na cearta seo um chur i gcoinne sin saor in aisce.

9. Saoirse ó chinntí uathdhéanta

Ní féidir cinntí tábhachtacha maidir leat féin, mar shampla d'fheidhmíocht oibre, d'acmhainneacht creidmheasa, d'iontaofacht, a dhéanamh trí mhodh uathoibríthe amháin e.g. trí ríomhaire, mura dtugann tú comhthoilíú sin a dhéanamh. Go ginearálta caithfidh ionchur daonna a bheith i gceist i gcinntí dá leithéid.

10. Cearta faoi Rialacháin um Chosaint Sonraí agus faoi Rialacháin um Príobháideacht a dTeileachumarsáidí

Mura dteastaíonn uait glacadh le glaonna teileafóin maidir le margáíocht dhíreach ba chóir duit dul i dteagmháil le sholáthróirí teileachumarsáide a dhéanfaidh taifeadadh ar do rogha sa chlár dar teideal clár rogha an diúltaithe an Bhunachair Náisiúnta (BN). Cion is ea é gaoch um mhargaíocht dhíreach a chur ar aon uimhir teileafóin a taifeadadh ar an BN ar an mbealach seo. Ina theannta sin, mura bhfuil d'uimhir teileafóin áirithe ar chlár rogha an diúltaithe BSEN, ní féidir le haon aonán atá ag gaoch ort chun críche margáíochta díri gaoch a chur ort arís má deireann leo gan gaoch a chur ort.

D'fhonn go rachfaí i dteagmháil leat trí mheaisín facsála nó trí uathdhiailiú chun críche margáíochta díri caithfidh tú comhthoilíú leis an aonán atá ag déanamh na dteagmhálacha.

Chomh maith céanna tá an ceart agat gan ríomhphost margáíochta gan iarraidh a fháil ar do ríomhaire nó téacsanna margáíochta ar d'fhón póca gan do chomhthoilíú.

CONAS IS FÉIDIR IARRATAS ROCHTANA A DHÉANAMH

Chun iarratas rochtana a dhéanamh caithfidh tú scríobh tríd an bpost nó ríomhphost go dtí an eagraíocht nó an duine go bhfuil do shonraí pearsanta á gcoimeád acu ort ag iarraidh orthu cóip de na sonraí a thabhairt duit. D'fhéadfadh d'iarratas a bheith mar a leanas:

A chara....

Is mian liom iarratas rochtana a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 ar chóip d'aon fhaisnéis atá á coimeád agat fút, ar ríomhaire nó i bhfoirm láimhe, a thabhairt dom.??

Ba chóir duit aon sonraí a bhféadfadh gá a bheith leo chun cabhrú leis an duine tú a aithint agus chun d'fhaisnéis uile a fhéadfadh a bheith acu ort a aimsiú, mar shampla, uimhir cuntais chustaiméara, aon seoltaí roimhe seo, dáta breithe.

Nuair atá méid suntasach de do shonraí pearsanta ag an rialtóir sonraí, ach nach bhfuil ach rochtain ar chuid bheag de na sonraí sin uait, d'fhéadfadh sé cabhrú go mór leis an rialtóir agus tá an fhéidearthacht ann go dtabharfaí freagra ort níos tapúla má dhéanann tú sonrath i d'iarratas.

Caithfear an fhaisnéis a thabhairt duit, i bhfoirm atá intuigthe, laistigh de 40 lá ón lá a fhaightear d'iarratas ach tugann formhór na rialtóirí sonraí freagra i bhfad níos túisce ná sin. D'fhéadfaí iarraidh ort táille ainmniúil a íoc ach ní féidir leis a bheith os cionn €6.35.

CÚNAMH Ó OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

Cabhróidh an Coimisinéir Cosanta Sonraí leat deimhin a dhéanamh de go ngéilltear go hiomlán do do chearta agus go gcomhlíonfaidh na rialtóirí sonraí a n-oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Má bhraitheann tú nach bhfuil eagraíocht nó duine indibhidiúil ag géilleadh dá n-oibleagáidí um chosaint sonraí agus nach bhfuil tú sásta leis an bhfreagra a tugadh ort maidir le do chúraimí, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir.

D'fhonn gearán a dhéanamh níl le déanamh agat ach scríobh nó ríomhphost a sheoladh do dtí an Coimisinéir Cosanta Sonraí ag tabhairt sonraí ar an ábhar agus

- A rá cé an eagraíocht nó an duine indibhidiúil go bhfuil an gearán á dhéanamh agat ina gcoinne
- cuntas a thabhairt ar na céimeanna a ghlac tú chun go ndéileálfá le do chúraimí
- Léirigh an freagra a fuair tú, má fuair tú aon fhreagra, agus
- Soláthair cóipeanna d'aon chomhfhreagras idir thú féin agus an eagraíocht.

Déanfaidh an Coimisinéir, faoi Alt 10 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, iniúchadh ar do ghearán. Is é an cur chuige atá ag an gCoimisinéir maidir le gearáin, mar a fhoráiltear sna hAchtanna, ná iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach cairdiúil maidir leis an ní is ábhar don ghearán. I gcásanna nach féidir teacht ar réiteach sásúil, is féidir le gearánaí iarraidh ar an gCoimisinéir cinneadh foirmeálta a dhéanamh gur tharla nó nár tharla sárú. Ar a shon sin, níl an chumhacht ag an gCoimisinéir cúiteamh a bhronnadh. Is é an phríomhthosaíocht ag an gCoimisinéir, má sheasann sé le do ghearán, ná go ngéillfeadh an gearánaí don dlí agus go gcuirfeadh sé rudaí ina gceart. Má dhiúltaíonn an Coimisinéir do do ghearán, cuirfidh sé sin in iúl duit i scríbhinn. Mura n-aontaíonn tú le breith an Choimisinéara, tá an ceart agat achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh sa Chúirt Chuarda.

Tá sé sonraithe go soiléir sna hAchtanna um Chosaint Sonraí go bhfuil dualgas cúraim ar eagraíochtaí nó ar dhaoine indibhidiúla go bhfuil do shonraí pearsanta á gcoimeád acu. Má dhéantar díobháil duit trí mhíláimhseáil do chuid faisnéise pearsanta, d'fhéadfaí a bheith i dteideal cúiteamh a éileamh trí na Cúirteanna agus is ceist í seo duit féin agus do do chomhairleoirí dlí. Níl aon fheidhm ag an gCoimisinéir maidir le himeachtaí dá leithéid a ghlacadh nó maidir le comhairle dlí a thabhairt.

Tá breis eolais ar fáil ón suíomh gréasáin nó is féidir leat dul i dteagmháil díreach leis an Oifig trí ríomhphost nó ar an teileafón. Tá bróisiúir agus bileoga maidir leis na hAchtanna ar fáil saor in aisce, ar iarratas ó:

Oifig An Choimisinéara Cosanta Sonraí
Teach na Canálach
Bóthar an Stáisiúin
Cúil an tSúdaire
Co. Laoise

LóGhao: 1890 252 231

Teil: 057 868 4800

Facs: 057 868 4757

Ríomhphost: info@dataprotection.ie

Suíomh Gréasáin: www.dataprotection.ie